

FÓGRA NUACHTÁIN

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8

Iarratasóir: Seirbhísí Tithíochta agus Pobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Suíomh: Suíomh c 1.64 heicteár ag láithreán Árasáin Shráid an Taiscumair, Radharc an Taiscumair, Baile Átha Cliath 8

Togra: De bhun cheanglais an mhéid thuasluaite, tugtar fógra leis seo i dtaca le tógáil 171 árasán ag suíomh atá thart ar 1.64 heicteár ag Árasáin Shráid an Taiscumair, Radharc an Taiscumair, Baile Átha Cliath 8. Tá Garrán an Taiscumair agus Bunscoil Naomh Séamas thart ar an suíomh ó dheas; tá líne iarnróid éadrom Luas agus campas Ospidéal San Séamas thart air ar an taobh thiar, Sráid an Taiscumair Íochtarach/Lána Ewington agus Árasáin Theach Mary Aikenhead ó thuaidh agus Sráid an Taiscumair / Ardán Bhréanainn ar an taobh thoir; a bheidh comhdhéanta díobh seo a leanas:

- Ceithre bhloc cónaithe de chuid Árasáin Shráid an Taiscumair a scartáil; Foirgneamh 1 (uimhreacha. 20-43), Foirgneamh 2 (uimhreacha. 44-67), Foirgneamh 3 (uimhreacha. 68-91), Foirgneamh 4 (uimhreacha. 92 -115), déanmhais choimhdeacha, ballaí teorann agus ráillí agus oibreacha glanta láithreáin agus athchóiriú bloc Árasáin Shráid an Taiscumair amháin atá ann cheana féin (Foirgneamh 5 uimhreacha. 116-151);
- 171 aonad árasán i dtrí bhloc árasán (Bloc A, Bloc B agus Bloc C) a thógáil ina mbeidh 171 aonad cónaithe (83 aonad le 1 leaba, 71 aonad le 2 leaba, 13 haonad le 3 leaba agus 4 haonad le 4 leaba);
 - Beidh 4 -8 stór i gceist le Bloc A agus beidh 48 aonad ann (17 n-aonad le 1 leaba, 28 n-aonad le 2 leaba agus 3 haonad le 3 leaba)
 - Beidh 4 -8 stór i gceist le Bloc B agus beidh 81 aonad ann (28 n-aonad le 1 leaba, 39 n-aonad le 2 leaba agus 10 n-aonad le 3 leaba, 4 haonad le 4 leaba)
 - Beidh 5 stór i gceist le Bloc C (bloc athchóirithe) le síniú ar an mbinn thiar le 42 haonad (38 n-aonad le 1 leaba, 4 haonad le 2 leaba)
- 382 spás páirceála do rothar;
- 55 spás páirceála do charranna, lena n-áirítear 51 spás páirceála do charranna do chónaitheoirí agus 4 spás páirceála do charranna nach bhfuil do chónaitheoirí a sholáthar (2 spás páirceála do charranna don naíolann agus 2 spás páirceála do charranna don spás pobail, ealaíon agus cultúrtha);
- Saoráid cúraim leanaí 294 méadar cearnach a sholáthar ag bunurlár Bhloc A;
- Spás pobail, cultúrtha agus ealaíon 1114 méadar cearnach a sholáthar ina gcuimsítear spás inmheánach 516 méadar cearnach ag bunurlár Bhloc B agus spás seachtrach 598 méadar cearnach, lena n-áirítear amfaitéatar 468 méadar cearnach agus spás 130 méadar cearnach atá suite go seachtrach ag Bloc B;
- Spás oscailte poiblí a athlonnú go limistéar lárnach nua de 3767 méadar cearnach (in ionad Páirc Oisín Uí Cheallaigh) agus 2748 méadar cearnach de spás poiblí oscailte;
- Tá dhá phointe rochtana / dul amach d'fheithiclí beartaithe ó Ardán Bhréanainn/ Sráid Radharc an Taiscumair agus ó Shráid an Taiscumair Íochtarach / Lána Ewington;
- Tá na mullaird agus marcáil líne atá ann cheana féin os comhair Wee Tots Creche Pre-School agus Fountain Youth Project ag foirgneamh 2A Lána an Taiscumair feadh Radharc an Taiscumair/ Ardán Bhréanainn le baint agus tá pábháil, síneadh colbha agus mullaird solúbtha le cur ina n-áit;
- Cóireálacha teorann, tírdhreachtú agus oibreacha ríochta poiblí, soilsiú poiblí, oibreacha draenála láithreáin, leagan amach nua inmheánach bóithre, bord ardaithe maolaithe tráchta agus pointí trasnaithe do choisithe, cosáin, fostáisiún agus seomraí méadair BSL, stóir, stóráil araidí agus rothar, seomraí gléasra; agus
- Gach seirbhís choimhdeachta láithreáin agus oibreacha forbartha os cionn talún agus faoin talamh.

Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) ar an togra agus scagthástáil maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú ag Treoir 2014/52/AE.

I gcomhréir le hAirteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus táthar den tuairim go:

- (a) Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, ina haonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach ná ar shuíomhanna Eorpacha, agus mar sin de, níl gá le Céim 2 de Mheasúnacht Chuí.
- (b) Níl aon dóchúlacht cheart ann go n-imreoidh an fhorbairt atá beartaithe tionchar suntasach ar an timpeallacht agus nach bhfuil an fhorbairt atá beartaithe de chaighdeán atá leagtha amach faoi Sceideal 5 de Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001, arna leasú, agus mar sin níl gá le Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR).

Is féidir le haon duine, laistigh den tréimhse 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh ar an mBord Pleanála deimhniú scagthástála a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht atá ann go n-imreodh an fhorbairt tionchar suntasach ar an timpeallacht.

Féadfar Pleananna agus Mionsonraí na forbartha atá molta a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón 14/10/2024**, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Cuntar Poiblí, An Rannóg Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan – Aoine 9.00r.n. go 4.30i.n. Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil freisin lena n-iniúchadh ar líne: <https://consultation.dublincity.ie> ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn leis an mBainisteoir Feidhmiúcháin, An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh **4.30i.n. an 26/11/2024**.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach ar líne freisin <https://consultation.dublincity.ie> ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie roimh **23.59 a chlog ar an 26/11/2024**.